

Trí scéal nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thrí scéal dhifriúla. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad a tharla in Texas cúpla lá ó shin?
2. An bhfuil a fhios agat cé hiad James Brokenshire agus Michel Barnier?
3. Cén fáth a bhfuil scéalta faoi chiapadh gnéis sna meáin chumarsáide le cúpla seachtain anuas?

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *a horrific act*
- *massacre*
- *shoot*
- *mental health problems*
- *was the cause of*
- *the Single Market*
- *the Customs Union*
- *chief negotiator*
- *MEPs (Members of the European Parliament)*
- *complaint*
- *in light of the allegations*
- *harassment*
- *bullying*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus scríobh achoimre ghearr ar na trí scéal.

Scéal 1

Scéal 2

Scéal 3

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 ‘...a thug...’ agus ‘...thosaigh...’

- A. Bhí a lán samplaí den aimsir chaite le cloisteáil sa mhír. Bain úsáid as na briathra rialta seo a leanas chun na rialacha a bhaineann leis an aimsir chaite a léiriú:

Tosaigh	Imigh
Labhair	Cuir

- B. Anois, cuir na ceisteanna thíos ar an duine in aice leat. Cuirigí freagraí ar fáil atá fíor fúibh féin.

- Ar thosaigh tú ag ceannach bhronntanais na Nollag go fóill?
- Ar imigh tú ar thuras leat féin riamh i do shaol?
- Ar labhair tú le heachtrannach le bliain anuas?
- Ar chuir tú do ladar i ngnóthaí duine eile riamh?

Ceist 5 ‘...sa mBruiséil...’

Is é an nós atá ann i gcanúint Chonnacht agus i gceantair áirithe i gCúige Mumhan ná urú a chur ar an ainmfhocal a leanann **sa**.

1. Cad a mholtar sa chaighdeán?
2. Cad iad na rialacha faoi leith atá ann i gcás ‘sa’ + ainmfhocail dar tús ‘d’, ‘s’ agus ‘t’?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An aontaíonn tú le Donald Trump nuair a deir sé nach raibh aon bhaint ag gunnaí leis an sléacht in Texas?
2. Cad atá i ndán do Thuaisceart Éireann nuair a imeoidh an Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach?
3. An bhfuil comhionannas inscne bainte amach againn go fóill?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinnfear an tuairisc, nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé leis an rang tar éis dóibh féachaint ar an mír uair amháin.

a horrific act – gníomh uafáis

massacre – sléacht

shoot – caith le

mental health problems – fadhbanna meabhairshláinte

was the cause of – ba chionsiocair le

the Single Market – an Margadh Aonair

the Customs Union – an tAontas Custam

chief negotiator – príomh-idirghabhálaí

MEPs (Members of the European Parliament) – Feisirí Eorpacha (Feisirí de Pharlaimint na hEorpa)

complaint – clamhsán

in light of the allegations – i bhfianaise na líomhaintí

harassment – ciapadh

bullying – bulaíocht

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

A.	<p>Tosaigh thosaigh mé thosaigh tú thosaigh sé thosaigh sí thosaíomar thosaigh sibh thosaigh siad</p> <p>Ar thosaigh? Thosaigh./Níor thosaigh.</p> <p>Saorbhriathar: tosaíodh</p>	<p>Imigh d'imigh mé d'imigh tú d'imigh sé d'imigh sí d'imíomar d'imigh sibh d'imigh siad</p> <p>Ar imigh? D'imigh./Níor imigh.</p> <p>Saorbhriathar: imíodh</p>
	<p>Labhair labhair mé labhair tú labhair sé labhair sí labhraíomar labhair sibh labhair siad</p> <p>Ar labhair? Labhair./Níor labhair.</p> <p>Saorbhriathar: labhraíodh</p>	<p>Cuir chuir mé chuir tú chuir sé chuir sí chuireamar chuir sibh chuir siad</p> <p>Ar chuir? Chuir./Níor chuir.</p> <p>Saorbhriathar: cuireadh</p>

- B. Iarr ar gach beirt na ceisteanna a chur ar a chéile.
- Ar thosaigh...? Thosaigh./Níor thosaigh.
 - Ar imigh...? D'imigh./Níor imigh.
 - Ar labhair...? Labhair./Níor labhair.
 - Ar chuir...? Chuir./Níor chuir.

Ceist 5

1. Sa 'chóras lárnach', moltar séimhiú a chur ar ainmfhocal dar tús **b, c, f** (seachas **f + guta**), **g, m, p** tar éis 'sa', e.g., **sa pháirc**, **sa charr**.
I dteannta an Chórais Lárnaigh, ceadaítear urú ar an ainmfhocal (in ionad séimhiú) i ndiaidh 'sa', e.g., **sa bpáirc**, **sa gcarr**.
2. - Ní shéimhítear 'd' ná 't' i ndiaidh 'sa', e.g. **sa deoch**; **sa teach**.
- Cuirtear 't' roimh ainmfhocail bhaininsneacha dar tús 's' + guta nó dar tús 'sl-', 'sn-', 'sr-' i ndiaidh 'sa', e.g. **sa tsráid**; **sa tsaotharlann**.
- Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail fhirinsneacha dar tús 's' i ndiaidh 'sa' (ach amháin i gcanúint Uladh). e.g. **sa siopa**. ('sa tsiopa' a bheadh ann i gCanúint Uladh.)

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1

Gníomh uafáis a thug Uachtarán Mheiriceá, Donald Trump, ar an sléacht a tharla in Texas inné, inar maraíodh sé dhuine is fiche. I séipéal i mbaile beag, Sutherland Springs, thosaigh Devin Patrick Kelley ag caitheamh le daoine i rith an tsearmanais. Idir cúig bliana agus seachtó a dó bliain a bhí na daoine a maraíodh. Chaith duine a bhí ar an láthair le Devin Patrick Kelley agus theith sé ina fheithicil. Thángthas air marbh tamall ina dhiaidh sin, lámh curtha aige ina bhás féin. Deir an tUachtarán Trump nach bhfuil aon bhaint ag gunnaí leis an uafás ach go fadhbanna meabhairshláinte ba chionsiocair leis.

Scéal 2

Ní fhéadfadh Tuaisceart Éireann fanacht sa Margadh Aonair¹ agus san Aontas Custaim nuair a imeoidh an chuid eile den Ríocht Aontaithe as, a dúirt Státrúnaí an Tuaiscirt, James Brokenshire. Tá sé sa mBruiséil² inniu le labhairt faoi na himpleachtaí faoi leith a bheas ag imeacht na Breataine as an Aontas Eorpach do Thuaisceart Éireann. Chas sé le Príomh-Idirghabhálaí an Aontais Eorpaigh, Michel Barnier, coimisinéirí éagsúla, Feisirí Eorpacha agus le daoine sinsearacha eile atá ag plé leis na cainteanna.

Scéal 3

Tá sé ráite ag Príomh-Aire na Breataine, Theresa May, go bhfuil sí ag iarraidh córas neamhspleách clamhsán a bhunú in Westminster, i bhfianaise na líomhaintí faoi chiapadh gnéis atá curtha i leith roinnt polaiteoirí. Beidh cruinniú aici ar ball le ceannairí polaitíochta eile lena leithéid de chóras a bhunú. Dúirt sí go mba cheart go mbeadh fir agus mná in ann a gcuid oibre a dhéanamh agus gan inní a bheith orthu go ndéanfaí bulaíocht nó ciapadh de chineál ar bith orthu. Rófhada a bhí cead a gcinn ag lucht na cumhachta a deir sí, agus gan daoine a ndearnadh³ díobháil dóibh in ann labhairt amach.

¹ Córas Chonnacht

² Córas Chonnacht

³ *deineadh* a deirtear